

Polasaí Um Chosaint Leanaí

Gaelscoil na gCeithre Maol

Réamhráiteas

Is scoil sinn atá i láthair le hoideachas d'ardchaighdean a chur ar fáil do gach duine is cuma cén aois, gnéas, reiligiúin agus aicme iad. Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí maidir le gach gné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile na scoile. Dá réir sin, ag teacht lena n-éilítear faoi 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá an polasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí aontaithe ag Bord Bainistíochta Scoil na gCeithre Maol

- Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.
- An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DCA): Frances Ní Bhriain
- An Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DCA): Arlene Bhreathnach
- I ndáil le polasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht de chuid Scoil na gCeithre Maol cloífear leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí.
- Cuireadh an polasaí seo ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí agus tá sé ar fáil go héasca ag tuismitheoirí ach a iarraidh. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún sa chás go n-iarrtar é.
- Beidh ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DCA): agus an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DCA) ar thaispeáint in áit fheicéalach gar don phríomhbhealach isteach sa scoil. Déanfaidh an scoil:
 1. Glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
 2. Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chuí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí

3. Gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go dtarlódh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul i mbaol nach gá a bhféadfadh gurb é toradh a bheadh air go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;

4. Gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus iad a spreagadh a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus

5. Meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí

6. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil do gach ball foirne mar aon leis an chuid sin de Threoirlínte agus Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta um Chosaint Leanáí. Tá sé mar dhualgas ar an bhfoireann uile iad féin a chur ar an eolas faoi 'Leanáí ar dTús' 2011, agus faoi threoirlínte agus nósanna imeachta an DES um chosaint leanaí.

Aidhmeanna

Timpeallacht shlán, iontaobhach, freagrach agus oscailte a chruthú.

Oideachas ar scileanna sábháilteachta pearsanta a dhíríonn go sainiúil ar dhrochúsáid a chosc a chur ar fáil do gach leanbh sa scoil.

Feasacht agus freagracht ar chosaint leanaí a fhorbairt i measc phobal uile na scoile.

Nósanna imeachta don dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun na leanaí agus an fhoireann a chosain.

A dheimhniú go mbíonn eolas agus tuiscint ag foireann uile na scoile ar na treoirlínte 'Leanáí ar dTús' agus ar na treoirlínte agus na nósanna imeachta maidir le himní nó nochtadh eolais faoi dhrochúsáid leanaí a chur in iúl.

Oiliúint leanúnach a chur ar fáil don fhoireann sna réimsí seo agus i réimsí eile.

Cosc

- Is é an clár Fan Slán an príomhfhoinsé a bhíonn in úsáid i scoileanna chun oideachas a chur ar pháistí maidir le drochúsáid a chosc. Tá an clár seo á mhúineadh mar chuid de churaclam OSPS na scoile faoin tsnáithe Sábháilteacht agus Cosaint (Sábháilteacht Phearsanta).

- Nuair a chláraíonn tuismitheoirí a bpáiste cuirfear in iúl dóibh go mbíonn an clár Fan Slán in úsáid sa scoil agus cuirfear cóip de Threoirlínte na dTuismitheoirí ar Fan Slán ar fáil dóibh.

- Déanfar ceachtanna foirmiúla an chláir a theagasc go hiomlán gach dara bliain mar atá leagtha síos i bplean timthrialla dhá bhliana an OSPS.

Cleachtais:

Leanfaidh an fhoireann go léir (múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, foireann tacaíochta, rúnaíochta, feighlíochta srl.) sa scoil seo na moltaí don tuairisciú ar ábhair inní nó ar nochtadh eolais mar atá luaite i 'Leanaí ar dTús' agus i ndoiciméad na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, 'Treoirlínte agus Cleachtais um Chosaint Leanaí'.

Tá Bord Bainistíochta na scoile seo tar éis Frances Ní Bhriain (Príomhoide Gníomhach) a cheapadh mar Dhuine Ainmnithe Idirchaidrimh (DLP) agus Arlene Bhreathnach (Leas Príomhoide) mar leas-Dhuine Ainmnithe Idirchaidrimh.

Tá sé comhaontaithe ag foireann agus bainistíocht na scoile:

Gach ábhar inní/nochtadh a bhaineann le cosaint leanaí a thuairisciú nuair a tharlaíonn sé sa chéad ásc chuig an DLP (nó an leas DLP nuair is cuí).

♣Go mbeadh gach tuairisc chuig an DLP dátaithe agus sínithe ag an duine a dhéanann an tuairisc sin.

Cloí go dian le rúndacht a chothabháil - ba chóir eolas agus ábhair inní nó nochtadh de dhrochúsáid a thabhairt ar bhun riachtanais.

Nósanna Imeachta:

Aithníonn foireann agus bord bainistíochta na scoile na réimsí seo a leanas mar réimsí inní i leith chosaint leanaí. Tar éis plé agus díospóireacht d'aontaigh an fhoireann agus an bord bainistíochta go nglacfaí leis na nósanna imeachta seo a leanas:

a) Teagmháil fhisiceach:

Ba chóir go mbeadh teagmháil fhisiceach idir phearsanra na scoile agus an leanbh mar fhreagairt ar riachtanais an linbh agus ní riachtanais an duine fásta.

Cé gur féidir teagmháil fhisiceach a úsáid chun sólas a thabhairt nó chun an leanbh a chur ar a suaimhneas nó chun cabhrú le leanbh ba chóir na coinníollacha seo a leanas a leanúint agus an t-íomchuíbheas (appropriateness) a mheas:-

1. Go mbeadh sé inghlactha ag an leanbh
2. Go mbeadh sé oscailte agus nach mbeadh sé rúnda
3. Aois agus céim forbartha an linbh

Ba chóir do phearsanra na scoile aon rud a bhfuil nádúr pearsanta ag baint leis agus go bhfuil

an gasúr in ann a dhéanamh dó/di féin a sheachaint.

b) Leanaí a bhfuil cúnamh leithris /riachtanais cúram pearsanta:

Aon uair a bhíonn cúnamh leithris/riachtanais cúram pearsanta ag leanbh tionólfar cruinniú cúraim, roimh chlárú agus sula dtosaíonn an leanbh an scoil, idir tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoir ranga, cúntóir riachtanas speisialta, príomhoide agus más cuí, an dalta. Is é cuspóir an chruinnithe ná chun riachtanais an linbh a fháil amach agus chun na bealaí is fearr ar féidir leis an scoil freastal ar na riachtanais sin a dhéanamh amach. Cuirfear na comhaltaí foirne a bheidh páirteach sa chúram seo in aithne agus déanfar socraithe d'ócáidí nuair a bheidh na comhaltaí foirne as láthair. Déanfar cóip scríofa den mhéid a chomhaontófar agus coinneofar i gcomhad an linbh é.

Cé go ndéanfar chuile iarracht beirt chomhaltaí foirne a bheith i láthair nuair a bheifear ag déileáil le cúram pearsanta/cúnamh leithris beidh amanna ann nach dtarlóidh sé seo agus déanfar é seo a phlé leis na tuismitheoirí/caomhnóirí. Déanfar taifead ar aon nós imeachta a imíonn ón gcleachtas agus cuirfear in iúl don DLP agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí é.

c) Cuairteoirí / Aoichainteoirí:

Níor chóir cuairteoirí/aoichainteoirí a fhágáil leo féin le leanaí riamh. Tá an scoil (príomhoide/múinteoirí) freagrach as teastais aitheantais an chuirteora/ aoichainteora a sheiceáil agus a chinntiú go bhfuil an t-ábhar atá in úsáid acu cuí.

d) Timpistí leithris:

Coinneofar fo-eadaí glana agus éadach oiriúnach sa scoil agus má bhíonn 'timpiste' den chineál sin ag dalta, taingfear éadach glan dó/di ar féidir leis/léi athrú isteach ann.

Muna mbíonn dalta ar cibé cúis in ann é/í féin a ghlanadh a gcuid éadach a athrú iad féin agus nach féidir teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí tabharfaidh comhaltaí foirne a bhfuil aithne ag an leanbh orthu cúnamh don leanbh.

I ngach cás den chineál sin ba chóir go mbeadh beirt chomhaltaí foirne i láthair.

Coinneofar taifead ar eachtraí den chineál sin agus cuirfear an príomhoide agus na tuismitheoirí ar an eolas.

e) Teagasc duine ar dhuine:

Is é polasaí na scoile é go bhfuil teagasc duine ar dhuine níos fearr do leas an linbh go minic.

Déanfar gach iarracht lena chinntiú go mbeidh an teagasc sin ar siúl i dtimpeallacht oscailte. Cuirfear tuismitheoirí leanaí atá páirteach i dteagasc duine ar dhuine ar an eolas agus lorgófar a gcomhaontuithe.

Déanfar obair a dhéanann ár gcúntóirí riachtanais speisialta faoi stiúir an mhúinteora ranga i dtimpeallacht oscailte.

f) Éadaí a athrú do Chluichí/ Corpoideachas/ Snámh:

Beifear ag súil go n-athróidh daltaí a gcuid éadaigh iad féin do chluichí / corpoideachas / snámh. Sa chás go dteastaíonn cúnamh déanfar é sin sna saoráidí pobail agus le cead ó tuismitheoirí. Ní bheifear ag súil agus ní cheadófar ar chúinse ar bith go n-athróidh comhalta foirne/oibrí deonach éadaigh an linbh i saoráidí príobháideacha nó i gcubhachail. Má theastaíonn príobháideachas iarrfar ar an tuismitheoir/caomhnóir cúnamh a thabhairt don leanbh.

g) Maoirseoireacht:

Ní mór go mbeadh maoirseoireacht dhóthanach ann do na gasúir an t-am ar fad. Beidh beirt ar an gclós í gcónaí ag am lóin.

Cé go ndéanfar gach iarracht cloí leis an gcleachtas is fearr, de réir mar atá aontaithe thuas, má tharlaíonn i gcás éigeandála nach mbíonn sé indéanta ná practiciúil an cleachtas aontaithe a leanacht ba chóir cuntas iomlán den eachtra a chlárú agus a chur in iúl don phríomhoide agus do na tuismitheoirí. 6

Nuair a bhíonn ar bhall foirne comhair leighis/céad chabhair a chur ar pháiste cinntítear go ndéanfar é in áit poiblí.

Ní bheidh aon pháiste ag taisteal ina (h)aonar le haon bhall foirne. Má bhíonn ar bhall foirne páiste aonair a thógáil ina (h)aonar beidh ar dhuine fásta eile a bheidh i láthair.

Ní scaoilfear aon pháiste abhaile le duine nach bhfuil aitheanta don fhoireann muna mbíonn cead faighte ó tuismitheoir an pháiste agus an múinteoir ranga curtha ar an eolas roimh ré.

h) Earcú agus roghnú baill foirne:

Leanfar go dlúth le treoirlínte na Roinne Oideachais agus baill foirne á gceapadh. Beifear ag súil go gcuirfidh gach iarrathóir sonraí pearsanta, sonraí de thaithí oibre agus ainmneacha do mholtóirí ar fáil don Bhord Bainistíochta. Beidh ar chuile iarrathóir-múinteoirí agus baill

foirne eile- iarrtas a dhéanamh ar ghrinnfhiosriú Garda mar atá leagtha síos i gciorcalán 0031/2016.

Beidh ar oibrithe deonach sa scoil chuile obair a dhéanamh faoi theoir an mhúinteoir ranga.

i) Sábháilteacht ar an Idirlín:

Ní bhíonn cead ag na páistí úsáid a bhaint as an idirlín muna mbíonn múinteoir i láthair.

Tá blocáil déanta ar shuíomhanna caidrimh cosúil le Facebook agus Twitter. Ní féidir leis na páistí UTube aimsiú gan maoirseacht. Ba chóir safe tube a úsáid ar google classroom agus sa seomra ranga.

Níl cead ag na páistí fón póca a thabhairt ar scoil.

Cosaint Leanaí - Mí-úsáid

Tá dualgas ar gach duine a mbíonn ag plé le páistí féachaint chuige go bhfuil siad saor ó bhuaire, imní agus mí-úsáid. Is gá a bheith aireach agus ar an eolas maidir leis na comharthaí atá ann ó thaobh mí-úsáid leanaí de.

Thíos faoi, gheobhaidh tú cur síos cuimsitheach ar na comharthaí a mbaineann le gach ceann den ceithre cinéal mí-úsáid. Tá se an-thábhachtach go dtuigeann gach ball den fhoireann iad, sa chaoí is má tá siad le feiceáil i dtaobh aon pháiste sa scoil, go n-aithneoidh tú iad agus go rachaidh tu chuig an DCA leo.

Tá freagrachtaí faoi leith a mbaineann le foireann bhainistíocht agus mhúinteoireacht na scoile. Arís, is gá tú fein a chur ar an eolas maidir leis na freagrachtaí a mbaineann leis agus an cur chuige ceart le leanúint.

Tá ceithre cinéal mí-úsáid ann i leith páistí. Tá comharthaí faoi leith ag baint le chuile ceann agus tá comhartha comóntaí ann freisin. Ní gá go mbeadh chuile comhartha le feiceáil sula ndéanann tú tuairisciú, ach ní shin le rá má tá comhartha amháin ann go bhfuil fadhb.

Má tá buairt ort téigh chuig an DCA a thógfaidh ó shin é.

1. Faillí

Is féidir cur síos a dhéanamh air seo sa chaoí is go bhfuil dochar á dhéanamh ar an bpáiste ná moil á chur ar fhorbairt an pháiste de dheasca easpa bia, éadaí, teas, gloineacht, spreagadh intleachtúil, maoirseacht, sábháilteacht agus leigheas.

Má tá faillí i gceist go hiondúil bíonn sé ar siúl go rialta ar feadh tamaill seachas díreach go

pointe amháin. Muna bhfuil páiste ag fás mar ba cheart dá haois d'fhéadfadh sé/sí a bheith ag fulaingt neamhair ó thaoibh bia de. Muna bhfuil páiste ag teach tar scoile go rialto tá sé/sí ag fulaingt ó neamh fhorbairt inchinne.

D'fhéadfadh le hasláithreachtaí rialta nó leanúineacha a bheith mar chomhartha ar fadhbhanna sa bhaile. Is ionann asláithreacht rialta agus neamhaird.

Comharthaí Faillí

1. Gan aon duine fásta a bheith thart
2. Páiste a bheith sa bhaile gan maoirseacht oiriúneach ar siúl
3. Easpa bia, bia mí-oiriúnach nó gan béilte rialta a bheith ar fail go rialta
4. Easpa teas
5. Easpa éadaí oiriúnacha don aimsir m.sh. bristí & t-léine sa geimhreadh
6. Asláithreachtaí rialta sa scoil
7. Gan aire á thabhairt go fadhbhanna sláinte an pháiste
8. Ag déanamh oibre nach bhfuil oiriúnach dá haois
9. Páiste nach bhfuil ag fás, ní amháin de dheasca bia ach mí-úsáid mothúchánach
10. Gan maoirseacht ceart ar siúl ó thaobh dul chun cinn mhoraltacht an pháiste
11. Easpa chosaint

2. Mí-úsáid Mothúchánach

Tá sé seo le fáil sa chaidreamh idir an tuismitheoir/caomhnóir nó é siúd a thugann aire don pháiste agus an pháiste é féin. Is rud leanúnach é seo seachas díreach eachtra faoi Leith. Tarlaíonn sé nair nach dtugtar aird ar riachtannais an pháiste ó thaobh grá, leanúnachas, dea-mheas agus sábháilteacht de. Ní bhíonn comhartha fisiciúla le féiceáil go hiondúil; ach amháin má tá mí-úsáid eile i gceist. Ach é sin ráite má tá mí-úsáid eile i gceist, bíonn sé seo le fáil leis.

Comharthaí mí-úsáid mothúchánach

1. Diúltú
2. Easpa moladh
3. Easpa compórd agus grá
4. Easpa leanúnachas ó thaobh cúrsaí aire de

5. A bheith faoi churam daoine atá i bhfad ró-chosantach do leas an pháiste.

6. Píonós neamhfisiciúl mí-oiriúneach m.sh. a bheith faoi ghlas i seomraí

7. Foiréigean nó coimhlint clainne

* Gach páiste a ndéantar mí-úsáid gneiss/fisiciúl nó neamhaird air/uirthi, déantar seo orthu

8. A bheith ag súil le rudaí mí-oiriúnach dá haois ón páiste m.sh. iad a bheith amuigh ag obair srl

3. Mí-úsáid Fisiciúl

'Séard atá i gceist le mí-úsáid fisiciúl ná gortú d'aon saghas nach timpiste is cúis leis, nó gortú d'aon saghas atá mar thoradh ar neamhaird ar chosaint an pháiste. Is féidir leis na rudaí seo a leanas á áireamh sa ghrúpa seo- craitheadh páistí/ a bheith ró-gharbh/truailliú déanghnó/Munchaesons/ag scaoileadh le nó ag cruthú suíomh a d'fhéadfadh an dochar a dhéanamh do pháiste.

Comharthaí

1. Brúite

Brúite ginearálta: - go hiondúil bíonn siad seo le féiceáil in áiteanna a bhfuil cnámh in aice leis an gcraiceann, m.s.h. smig/srón/éadan/uileann/glúin. Beidh na brúite seo gan rianta cinnte ar na taobhanna.

* Bí aireach faoi brúite ar an tóin/cúl an lorga/cheathrú/droim/bun an droma/muinéal/béal/baill ghiniúna

Brúite nach timpiste iad - go minic fágfar na lámhe má buailltear páiste, m.sh. le lámh/bata/cros

(a) Má tá brúite timpeall an mhuinéil, seans mhaith nach timpiste a bhí ann

(b) Bí aireamh faoi súile nó cluasa dubha. Ní féidir súil dubh a fháil mar thoradh ar thitim ar an dtalamh.

(c) Is féidir le brúite mar thoradh ar cur fola inmheanach de dheasca craitheach.

2. Dónna

Dónna ginearálta - go hiondúil dó de dheasca timpiste is toradh é d'uisce nó eile a bheith tite orthu nó i ndiadh teacht i dteagbháil le rud ar nós pota srl

Dónna nach timpistí iad - go minic bíonn patrúin ann nach gcloínn le miniú na dtuistí nuair nach timpiste a mbíonn ann.

Más toradh é ar dhó uisciúil nó eile, go hiondúil beidh an páiste i ndiadh a bheith curtha faoi in aghaidh a toile agus mar sin bíonn line díreach ann seachas 'splash'. Freisin, d'fhéadfadh leis an bpáiste i ndiadh a bheith curtha in aghaidh rud te m.sh. 10 teasadóir,/sorn. Beidh rianta soiléire fágtha ó toitíní - go háirithe in áiteanna nach mbeadh oscailte go sin.

Má tá amhras ann, teigh chuig an DCA a thógfaidh ó sin é.

* Bí ag faire amach roimh cnámha briste/borradh & srl.

4. Mí-Úsáid Gnéis

Nóta tábhachtach: Ós rud é go mbaineann gach drochúsáid ghnéasach leis an gcatagóir díobhála a théann i gcion go tromchúiseach ar shláinte, leas nó forbairt linbh, ní mór gach ábhar inní faoin drochúsáid ghnéasach a thaisceadh mar thuairisc shainordaithe chuig Tusla. Tá eisceacht amháin ann, a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach áirithe i measc déagóirí sinsearacha a bhfuil cur síos le fáil uirthi i rannán 4.7 de na nósanna imeachta seo. (Nosanna imeachta um Chosaint Leanáí 2017)

Ag cur láimh nó ag baint úsáid as corp an pháiste ar son sásamh gnéasúil. Gnéas d'aon saghas a bheith ann idir duine fásta agus páiste. Páiste a úsáid go gairsiúil ar son airgid, m.sh. iad a chur ar teip/idirlíon srl

Go hiondúil, tarlaíonn mí-úsáid gneiss ar bhonn leamíneach thar na blianta seachas díreach eachtra amháin a bheith i gceist. Go minic, tarlaíonn sé seo taobh istigh den chlann.

Tagann na cásanna seo chun cinn go formhór mar gheall ar:

- i) Ráiteas ón bpáiste/deirfiúr/dearthar nó cairde an pháiste
- ii) Buairt ó dhaoine fásta
- iii) Comharthaí fisiciúla

Comharthaí Ginearálta:

Cur fola óna baill ghiniúna

Reacrachtaí/pianta ag dul chuig an leithreas

Athrú in iompar an pháiste

Tagairtí de ghníomhaíochtaí gnéasúla

Tuisicnt mí-oiriúnach dá haois ar ghnéas

A bheith gairsiúl le pháiste eile

Easpa páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí go mbionn orthu a gcuide éadaí a bhaint, m.sh. snámh

Comhartáí a mbaineann go hiondúil le

Athrú íomh sa pháiste.

Gearanta, m.sh. pianta sa cheann/bolg & srl

Diultú dul ar scoil

Troimliú

Fanacht leo féin

Easpa spéis i mbia

Gan a bheith sásta scaoileadh le daoine.

Freagrachtaí na Scoile

Tá dualgas faoi leith ar phobal na scoile. Is gá don scoil proiséas soiléar a bheith i bhfeidhm.

Freagrachtaí an Bhoird

i) Treoirlínte soiléire a chur ar fáil d'fhoireann na scoile

ii) DCA a cheapadh - is faoin duine seo atá sé a bheith ag plé leis na gardaí/Boird

sláinte/múinteoirí le buairteanna/cathaoirleach & srl

iii) Ag féachaint ar dul chun cinn na daltaí atá faoi bhuairt.

Chuige sin tá Frances Ní Bhriain ceapaithe mar DCA agus Arlene Bhreathnach ceapaithe mar Leas DCA do Scoil na gCeithre Maol. Tá múinteoirí na scoile curtha ar an eolas maidir leis an bproiséas atá le leanúint i dtaobh mí-úsáide. (Auginín 1)

Ról an Mhúinteora

Is ceart do gach múinteoir cláraithe a thabhairt faoi deara go bhfuil an oibleagáid reachtúil tuairisc shainordaithe a dhéanamh chuig Tusla leagtha ar an múinteoir ar leith mar dhuine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus go bhfuil feidhm aige seo is cuma an dtuairiscíonn an DIA an imní i gceist nó nach dtuairiscíonn.

Sásaíonn, áfach, múinteoir cláraithe a dhéanann tuairisc shainordaithe chuig Tusla i gcomhar leis an DIA an oibleagáid reachtúil atá air nó uirthi chun tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.(Nosanna imeachta um Chosaint Leanaí 2017)

- 1) Má tá inní ar bhall d'fhoireann na scoile maidir le mí-úsáid, is gá dó/dí dul chuig an DCA.
- 2) Má insíonn páiste do mhúinteoir go bhfuil dochar á dhéanamh air/uirthi ba chóir éisteacht leis an bpáiste go báiil agus gan brú a chur air/uirthí
- 3) Níor cheart agallamh foirmeálta a chur ar an bpáiste. Faigh sonraí soiléire más gá & coiméad cuntais más féidir.
- 4) Bá chóir éisteacht leis an bpáiste.
- 5) Cuir an páiste ar a shuaimhneas, ach ná tábhair aon ghealltanais dó/dí, m.sh. gan gealltanais nach féidir a chomhlíonadh a thabhairt, m.sh. ag gealladh gan an scéal a insint d'éinne eile.
- 6) Ná cuir treoircheistean ar an bpáiste agus ná dean moltaí
- 7) Ná cuir bac ar pháiste agus é/í ag cuimhniú ar eachtraí suntasacha
- 8) Ná lig don scéal dul i bhfeidhm ort as cuimse
- 9) Mínigh dó/dí go mb'fhéidir go gcaithfear tuilleadh cabhrach á lorg
- 10) Déan an diospóireacht a chlárú go cruinn chomh luath agus is féidir agus coinnigh an taifead. *Úsáid foclaíocht an pháiste
- 11) Téigh chuig an DCA
- 12) Má tá buairt ar fhoireann faoi mí-úsáid éinne, ba chóir go mbeifí ag coinneáil taifead dá chuire rud - fiú na gortaithe beaga. Beidh siad uilig de dhíth má tá cás le tabhairt. Ba chóir úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht ceart sa taifead i.e. 'luaite' díreacha
- 13) Tá dualgas ar mhúinteoir tuairisciú amháin- ní iniúchadh, deileáil leis nó anailis a dhéanamh air
- 14) D'fhéadfadh le do thuairisc a bheith mar mionpháirt níos leithne. (Appendix 3)

Ról an DCA

Áit a bhfuil aon amhras ar an DIA maidir le tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas faoi thuairisc a bheith á déanamh chuig Tusla, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thusla (Nosanna imeachta um Chosaint Leanaí 2017)

Má thagann ball foirne chugat agus tú bunús réasúnta ann is gá tuairisciú don Boird Sláinte láithreach.

- 1) Tá oibre soisialta (094 9042030 - Paddy Martin) ar dualgas go laethúil. Labhair go pearsanta/ar an bhfón nó scríobh chuige láithreach.

- 2) Ba chóir don té atá ag déanamh an tuairisc a bheith ar fáil le labhairt leis an oibre soisialta.
- 3) I gcás práinne agus nach bhfuil an oibre soisialta ar fáil, is féidir dul díreach chuig na Gardaí.
- 4) Ba chóir cláí leis an bhfoirm Thuairiscithe Chaighdeánach an oiread is gur féidir. Ba chóir an Cathaoirleach a chur ar an eolas faoi ag an bpointe seo más féidir, ach is féidir an tuairisciú a dhéanamh gan é a phlé leis.
- 5) Is ag an bpointe seo a dhéantar cinneadh faoi na tuismitheoirí. Ba chóir don DCA é seo a rá leis na tuistí mura cosúil go gcuirfeadh sé seo an páiste i gcontúirt nó go dtarraingeoidh sé baol breise ar an bpáiste. Má dhéantar an cinneadh seo, déan taifead den fáth.
- 6) Má tá tú ag cur na tuistí ar an eolas faoi, ná é fiosrúchán - Cuir litir chucu ag rá go bhfuil sé déanta.
- 7) Ní fút atá sé breithe a dhéanamh ar an scéal, Labhair leo/scriobh chucu go díreach, gan do dhearcadh féin a leiriú.
- 8) Mínigh na treoirlínte dóibh agus na dualgas atá ort.
- 9) Déan taifead de.

*Tugtar díolúina ó dhlítheanas sibhealta d'aon dhuine a thugann tuairisc faoi mhí-úsáid páistí go réasúnta agus le hintinn mhaith.

10) Muna bhfuil duine cinnte faoin imní atá orthu, ba chóir don DCA fiosrú le Tusla. Ní gá ag an pointe seo sonraí a thabhairt faoin dálda.

11) Má dhéanann an DCA cinneadh, tar éis caint le Tusla, nach gá leanúint, is gá don DCA tuairisc scríofa a thabhairt don mball foirne ag miniú na fáthanna. (Bá chóir don DCA an moladh sin a fháil ó Tusla i scríbhinn leis)

12) Má ghlaotar thú go Comhdháil um Chaomhnú páistí, is gá na taifead uilig a bhreith leat.

*Tá cead ionadaí a fhostú má tá an comhdháil ar siúl le linn am scoile - ach litir a fháil.

Líomhaintí ó Thuismitheoirí

(1) Tá sé rí thabhdachtach tuismitheoirí atá ag déanamh líomhaintí a chur chuig an DCA

(2) Ar an bpointe, is gá a shoiléiriú dó/dí nach féidir leat gealltanais a thabhairt nach rachaidh tú níos faide ná seo lena h-ainm

(3) Is gá a leiriú dó/dí go bhféadfadh sí a bheith freagrach as an todhchaí muna dtéann sí chuig Tusla.

Líomháintí ó amhrás i Leith fostaithe na Scoile

Sé an rud is tabháchtaí atá le cur san áireamh ag an Bord bainistíochta ná cosaint na bpáistí agus caithfear tús áite a thabhairt dá shábháilteacht agus dá bhfollaire, toisc fostaithe scoile a bheith páirteach, áfach bíonn dualgais ar an mBord Bainistíochta i dtaca leo siúd freisin.

Ba chóir comhairle dlí á lorg i gcásamh mar seo

NB: Ba cheart go mbeadh an DCA ag plé leis an mBord agus an Cathaoirleach leis an bhfostaí i gcomhairle leis an mBord. Níor cheart go mbeadh an duine céanna ag plé leis an dhá rud - ach amháin sa chás go bhfuil an líomhain ann i gcoinne an DCA.

Tá cearta ag an bhfostaí gan bheith curtha amach ar juraí go dtí go bhfuil fiosrú iomlán déanta.

An Modh Tuairiscithe

Ba chóir don duine atá i mbun na líomhain dul chuig an DCA, faigh ráiteas scríofa faoin líomhain ón duine nó ó thuiste/chaomhnóir an dalta. Beidh Tusla ag braith ar an taifead seo! Bíodh sé cruinn.

Coinnigh an Cathaoirleach ar an eolas.

Má fhaigheann fostaí eile sa scoil líomhain faoi fhostaí eile, caithfidh sé dul chuig an DCA láithreach. Má tá bunús réasúnta leis, bá chóir don DCA dul chuig Tusla agus an Cathaoirleach.

Ról an Chathaoirligh:

Is gá don Cathaoirleach na nithe seo a leanas a chur ina luí ar fhostaí scoile a luaithe is gur féidir:

(1) Go bhfuil líomhain déanta

(2) Nádúr na líomhna

(3) Cé acu nó nach bhfuil an tuairisc faoi seo tógtha ag an DCA do Tusla.

Ba chóir cóip scríofa den líomhain a thabhairt don mhúinteoir. Is gá iarraidh ar an bhfostaí freagra scríofa a thabhairt den Bhord taobh istigh d'am faoi Leith. Ta rúndacht ag teastáil anseo. Mar aon le gach cás de mhí-úsáid taobh istigh den scoil, níor cheart aon duine nach mbaineann sé leo a chur ar an eolas faoi. Mínigh anseo go mbeidh ar an mbord an freagra a thabhairt do Tusla.

Is gá comhairle dlí a lorg. Lórg é seo i dtosach, roimh dhul chuig Tusla. Lorg comhairle ó Bhrainise dleathúil an INTO, nó téigh go dlíodóir áitiúil.

Más é tuairim an Cathaoirligh go n-éilíonn an líomhain beart láithreach, ba chóir don Chathaoirleach, thar ceann an Bhoird, a ordú den fhostú fanacht as láthair ón scoil láithreach. Muna bhfuil an Cathaoirleach cinnte, ba chóir dó dul ar thóir comhairle ó Tusla nó na Gardaí.

Má tharlaíonn thuasluaite is ar bhonn asláithreachta fostaí, le pá iomlán agus ní fionraíocht. Ní comhartha ciontach é seo. Ba chóir an Roinn a chur ar an eolas le

(1) Faomhadh foirmiúil do chead scoir an fhostaí

(2) Cead na Roinne a fháil ionadaí a fháil

*Is gá Cathaoirleach an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas. Ba chóir tuairisc cruinn a thabhairt ar seo.

Athbhreithniú & Monatóireacht

Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an bpolasaí go bliantiúil agus ag amanna eile de réir mar is gá.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo Aibreán 2017

Ath-bhreithniú déanta ar an bplean seo 27^ú Meán Fómhair 2022.

Siniú: 

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Siniú: 

Príomh-Oide

Child Protection Policy

Gaelscoil na gCeithre Maol

Introduction

This school is committed to the provision of the highest standard of education to everyone regardless of the age, gender, creed or social class. The Board of Management recognises that child protection and welfare considerations permeate all aspects of school life and must be reflected in all of the school's policies, practices and activities. Accordingly, in accordance with the requirements of the Department of Education and Skills' Child Protection Procedures, the Board of Management of Scoil na gCeithre Maol has agreed the following child protection policy:

- The Board of Management has adopted and will implement fully and without modification the Department's Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools as part of this overall child protection policy.
- The Designated Liaison Person (DLP) is Frances Ní Bhriain
